# Scoileanna i gClár CDSIS

# Nóta Eolais do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí




## CDSIS – Réamhrá

Seasann CDSIS do Chomhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna. Thosaigh CDSIS i mí Mheán Fómhair 2006.

Tugtar tacaíocht do níos mó ná 240,000 dalta in 1,200 scoil in CDSIS.

Ní gá do scoileanna iarratas a dhéanamh ar CDSIS. Cuirtear scoileanna san áireamh bunaithe ar eolas ón Daonáireamh náisiúnta agus ó rollú na scoile. Déantar gach scoil a mheas le haghaidh CDSIS.

## Clár CDSIS i do scoil

Trí CDSIS, tugann an Rialtas foinsí breise do scoileanna ina bhfuil níos mó tacaíochta ag teastáil. Tabharfaidh sé seo an deis do gach dalta foghlaim, forbairt agus gnóthú a dhéanamh ar scoil.

Is féidir le scoileanna in CDSIS rochtain a fháil ar acmhainní lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- an Clár Críochnaithe Scolaíochta
- Scéim Béilí Scoile
- Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail
- ábhair bhreise chun cuidiú le múinteoirí
- níos mó ball foirne
- maoiniú breise.

## Tacaíochtaí scoile do dhaltaí i gclár CDSIS

Tuganna scoileanna an-aire lena chinntiú go n-éiríonn go maith le daltaí sa Bhéarla agus sa Mhata.

Trí CDSIS, is féidir le scoileanna tacaíochtaí breise a chur ar fáil freisin do dhaltaí ar nós club bricfeasta agus/nó club obair bhaile.

Oibríonn scoileanna in CDSIS go dlúth le tuismitheoirí agus le caomhnóirí chun tacú le foghlaim a linbh.

Oibríonn scoileanna in CDSIS go dian lena chinntiú go mothaíonn tú féin agus na leanaí ar fad go bhfuil fáilte rompu sa scoil.

Spreagann scoileanna in CDSIS daltaí chun ionchais arda a leagan síos dóibh féin. Is é an aidhm atá acu ná chun tacú leis na daltaí uile chun barr a gcumais a bhaint amach tríd an oideachas.

## Conas a chuidíonn CDSIS le daltaí dul chun cinn a dhéanamh

Cuidíonn tacaíochtaí CDSIS le leanaí chun teacht ar scoil gach lá agus in am. Tá tacaíochtaí breise ann trí CDSIS chun daltaí a spreagadh chun fanacht ar scoil agus a gcuid oideachais a chur i gcrích.

Bíonn tacaíochtaí breise i bhfeidhm ag scoileanna in CDSIS tríd an mbunscoil, chun bogadh isteach go dtí an iar-bhunscoil, chomh maith le dul ar aghaidh go dtí an coláiste, chuig printíseachtaí nó dul ag obair. Is féidir le hiar-bhunscoileanna uaireanta breise a úsáid mar threoir chun cuidiú le daltaí cinntí a dhéanamh faoina dtodhchaí.

## Conas tacú le hoideachas do linbh

Tá tuilleadh eolais faoin gcaoi le cuidiú le do leanbh sa bhaile ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí: npc.ie

An Roinn Oideachais
Department of Education

# Tacaíochtaí d'Iar-bhunscoileanna de chuid CDSIS

**1 — Rochtain ar an gClár Críochnaithe Scolaíochta (CCS)**

Oibríonn an CCS le daltaí atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath.






**2 — Clár Béilí Scoile**

Cuireann an clár béilí ar fáil do dhaltaí ar scoil.

**3 — Treoir**

Tá níos mó uaireanta ar fáil chun tacú le daltaí roghanna a dhéanamh faoina dtodhchaí.






**4 — Rochtain ar scéim Theagmhála Scoile, Baile agus an Phobail (TSBP)**

Múinteoir atá freagrach as tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh, scoileanna agus don phobal i gcoitinne chun obair a dhéanamh le chéile chun cuidiú le daltaí freastal ar scoil agus fanacht ar scoil.

**5 — Deontas CDSIS**

Faigheann an scoil níos mó airgid chun acmhainní a cheannach.






**6 — Maoiniú breise faoi Scéim Deontais na Leabhar Scoile**

Níor mó airgid chun leabhair scoile daltaí a cheannach.

**7 — Rochtain ar Chuairteanna Comhairleacha Féin-Mheastóireachta Scoile de chuid na Cigireachta**

Cuireann cigirí scoile tacaíocht agus comhairle ar fáil do phríomhoidí scoile agus do mhúinteoirí.





**8 — Rochtain ar Thacaíochtaí Pleanála**

Tacaíocht don phríomhoide agus do mhúinteoirí chun pleanáil a dhéanamh don teagasc.

**9 — Rochtain tosaíochta ar thacaíochtaí forbartha gairmiúla**

Tugtar tús áite don phríomhoide agus do mhúinteoirí ó na scoileanna seo maidir le hoiliúint i réimsí éagsúla de shaol na scoile.



An Roinn Oideachais
Department of Education